GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 1 07/06/2022 11:39

CÚISEANNA LE SCOIL LÁN-GHAEILGE A ROGHNÚ

KODĖL VERTA RINKTIS GAELSCOIL?

Forléargas do Thuismitheoirí & Chaomhnóirí

Svarbiausia informacija tėvams ir globėjams

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

www.gaeloideachas.ie

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 2 07/06/2022 11:39

Cad is scoil lán-Ghaeilge ann?

Is éard is scoil lán-Ghaeilge (Gaelscoil ann) ná bunscoil ina ndéantar an fhoghlaim agus na gníomhaíochtaí uilig trí mheán na Gaeilge. Tugtar tumoideachas air seo agus tá neart taighde déanta ar a bhuntáistí. Is féidir leis an oideachas lán-Ghaeilge breis deiseanna, eispéireas agus scileanna a thabhairt do do pháiste, beag beann ar an teanga a labhraíonn sibh sa bhaile. Bíonn daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge líofa sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, agus is féidir leo léamh agus scríobh go cumasach sa dá theanga.



Déanaimid teagasc ar dhaltaí ó gach cúlra teanga!

Kas yra airiška mokykla?

Airiška mokykla (vadinama Gaelscoil) – tai pradinė mokykla, kurioje visos pamokos ir veiklos yra vykdomos airių kalba. Tai vadinama švietimu per visišką integraciją į kalbinę aplinką. Daugybės tyrimų duomenimis, toks mokymasis yra labai naudingas. Kad ir kokią kalbą vartotumėte namuose, švietimas airių kalba gali suteikti jūsų vaikui papildomų galimybių, patirčių ir įgūdžių. Baigę airiškas mokyklas vaikai sklandžiai valdo airių ir anglų kalbas, geba kompetentingai skaityti ir rašyti abejomis kalbomis.

Priimame bet kokios kalbinės kilmės vaikus!



GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 3 07/06/2022 11:39

Éiteas na scoileanna lán-Ghaeilge

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge fáilte roimh dhaltaí a thagann ó chúlraí éagsúla teanga, cultúir, creidimh agus socheacnamaíocha. Bíonn éitis chreidimh nó spioradálta éagsúla ag scoileanna lán-Ghaeilge, ag brath ar phátrún na scoile. Bíonn roinnt scoileanna **sainchreidmheach** (Caitliceach), roinnt eile **idirchreidmheach** (éiteas comhroinnte Caitliceach agus Protastúnach) agus bíonn scoileanna eile **ilchreidmheach** (ní dhéantar teagasc ar chreideamh ar leith). Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge béim ar an nGaeilge agus ar an oidhreacht, chomh maith le béim a chur ar rannpháirtíocht i réimse leathan de ghníomhaíochtaí cultúrtha a chuireann le foghlaim agus le heispéiris na ndaltaí.

Bom Dia! Guten Morgen! Buna dimineata! Labas rytas!

Good Morning! Maidin mhaith! Bonjour! Dzień dobry!

Kokių etikos taisyklių laikomasi airiškose mokyklose?

Airiškos mokyklos mielai priima bet kokios kalbinės, kultūrinės, religinės ir socioekonominės kilmės mokinius. Priklausomai nuo mokyklos globėjo, airiškos mokyklos gali laikytis skirtingų religinės ir dvasinės etikos taisyklių. Kai kurios mokyklos išpažįstą **vieną** (katalikų) **tikėjimą,** o kitos mokyklos gali išpažinti **du** (katalikų ir protestantų) ar **daugiau nei du tikėjimus** (nesusitelkiant į jokios religinės konfesijos mokymą). Airiškose mokyklose didžiausias dėmesys yra skiriamas airių kalbai ir paveldui, įsitraukimui į įvairias kultūrines veiklas, kurios praturtina mokinių mokymąsi ir suteikia daugiau patirčių.

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 4 07/06/2022 11:39

Cad is tumoideachas ann?

Samhail atá sa tumoideachas a chabhraíonn le daltaí líofacht a fháil sa Ghaeilge go nádúrtha, trí thaithí laethúil a thabhairt dóibh i dtimpeallacht Ghaeilge. Ciallaíonn sé seo go ndéantar na hábhair uilig, seachas an Béarla, a theagasc trí mheán na Gaeilge. Cloiseann agus baineann na daltaí úsáid as an nGaeilge sa rang agus lasmuigh den rang, agus cabhraítear leo líofacht a bhaint amach trí rannpháirtíocht agus trí thimpeallacht lán-Ghaeilge a chothú. Labhraíonn na múinteoirí Gaeilge leis na daltaí ón gcéad lá. Ní bhíonn scoileanna lán-Ghaeilge ag súil go mbeidh Gaeilge ag chuile pháiste nuair a thosaíonn siad, ach cabhraíonn siad le páistí an Ghaeilge a shealbhú go han-tapa. Baintear úsáid as amhráin, rainn, drámaí, chomh maith le modhanna agus gníomhaíochtaí eile le cinntiú go dtuigeann na daltaí an múinteoir agus gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh leis nó léi. Le himeacht ama, bainfidh na daltaí úsáid as an nGaeilge go nádúrtha. Léiríonn taighde agus torthaí ó scoileanna lán-Ghaeilge gur bealach éifeachtach é an tumoideachas le teangacha a fhoghlaim, agus go mbíonn dearcadh dearfach ag daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i leith na teanga.

Kas yra švietimas per visišką integraciją į kalbinę aplinką?

Švietimas per visišką integraciją į kalbinę aplinką (angl. „immersion education“) – tai modelis, padedantis vaikams natūraliai išmokti sklandžiai vartoti airių kalbą kas dieną susiduriant su ja airių kalbinėje aplinkoje. Tai reiškia, kad visi mokomieji dalykai, išskyrus anglų kalbą, yra mokomi airiškai. Mokiniai girdi ir vartoja airių kalbą klasėje ir už jos ribų, o tai padeda jiems išmokti kalbą dalyvaujant ir visiškai pasineriant į įvairią veiklą. Nuo pat pirmosios dienos mokytojai bendrauja su mokiniais airių kalba. Airiškose mokyklose nesitikima, kad vaikai kalbės airiškai nuo pat pradžių. Jose siekiama padėti vaikams labai greitai įgyti airių kalbos įgūdžius. Dainos, eilėraščiai, vaidinimai ir kitos veiklos bei mokymo metodai yra pasitelkiami siekiant užtikrinti, kad mokiniai suprastų savo mokytoją ir galėtų su juo (-a) susikalbėti. Laikui bėgant vaikai savaime pradės kalbėti airiškai. Tyrimai ir airiškų mokyklų rezultatai parodė, kad švietimas per visišką integraciją į kalbinę aplinką yra labai efektyvus būdas mokytis kalbos, o airiškų mokyklų mokiniai labai teigiamai vertina kalbą.

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 5 07/06/2022 11:39

Cad iad na buntáistí, mar sin?

Chomh maith leis na buntáistí acadúla agus cultúir a bhaineann leis an dátheangachas, déanann an t-oideachas lán-Ghaeilge tairbhe do dhaltaí ar neart bealaí eile.

- Buntáistí intleachta
- Líofacht & litearthacht in dhá theanga
- Scileanna cumarsáide
- Muinín & tuiscint féiniúlachta
- Buanna méadaithe san oideachas

Taigi, kokie šių mokyklų privalumai?

Be naudos, kurią dvikalbystė teikia akademiniams ir kultūriniams įgūdžiams, mokydamiesi airių kalba mokiniai taip pat džiaugsis kitais privalumais.

- Intelektiniai privalumai
- Dviejų kalbų įvaldymas ir raštingumas
- Komunikacijos įgūdžiai
- Pasitikėjimas savimi ir tapatybės pojūtis
- Geresni mokymosi pasiekimai

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 6 07/06/2022 11:39

Buntáistí cognaíocha

Éiríonn le páistí smaoineamh ar bhealaí **níos cruthaithí**

Scileanna cuimhne níos fearr

Bíonn siad níos fearr **ag tabhairt airde, ag díriú ar thascanna** agus á gcur i gcrích

Léiríonn taighde gur féidir leis an dátheangachas moill cheithre bliana a chur ar ghalar Alzheimer

Kognityvinė nauda

Skatinamas vaikų kūrybinis mąstymas

Padedama gerinti atminties įgūdžius

Didinamas mokinių dėmesys ir susikaupimas atliekant užduotis

Tyrimų duomenimis, dvikalbystė gali atitolinti Alzeimerio ligos pradžią keturiais metais

Líofacht agus litearthacht in dhá theanga

Forbraíonn páistí **líofacht** agus **litearthacht** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar scoil

Scileanna inaistrithe iad seo gur féidir a chur i bhfeidhm i dteangacha eile

Tuiscint níos fearr dóibh ar na **bunchlocha teanga;** gramadach, déanamh focal, ord abairte

Níos éasca do na páistí **teangacha eile a fhoghlaim** leis na scileanna litearthachta atá sealbhaithe acu



Dviejų kalbų įvaldymas ir raštingumas

Mokykloje vaikai įvaldo ir yra raštingi anglų ir airių kalbomis

Įgytus įgūdžius galima panaudoti mokantis kitų kalbų

Geriau suvokiami kalbos pagrindai, gramatika, žodžių sandara ir sakinių struktūra

Mokantis per visišką integraciją į kalbinę aplinką ir taip įgijus raštingumo įgūdžių mokiniams lengviau mokytis kitų kalbų

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 7 07/06/2022 11:39

Scileanna éisteachta agus **cumarsáide** níos éifeachtaí ag páistí

Níos fearr in ann **iad féin a chur in iúl,** agus níos fearr in ann daoine eile a thuiscint

Scileanna Cumarsáide

Mokiniai išsiugdo sėkmingesnio klausymo ir komunikacijos įgūdžius

Mokiniai geba geriau išreikšti save ir suprasti kitus

Komunikacijos įgūdžiai

Muinín agus féiniúlacht

Níos mó teagmhála ag na páistí le cultúir éagsúla agus bíonn **meas níos mó** acu orthu

Spreagtar **ilchultúrachas** níos doimhne agus níos lú ciníochais

Tuiscint níos fearr do na páistí ar a gcuid féiniúlachta féin — bíonn **féinmheas** níos mó acu

Pasitikėjimas savimi ir tapatybė

Mokiniai geriau susipažįsta su kitomis kultūromis ir labiau jas vertina

Skatinama didesnė kultūrinė įvairovė ir kovojama su rasizmu

Mokiniai geriau suvokia savo tapatybę, tad gali labiau gerbia save

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 8 07/06/2022 11:39

Gnóthachtáil san oideachas

Gnóthachtáil níos airde sa Bhéarla agus sa mhata araon ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid lena bpiarghrúpa i scoileanna meán-Bhéarla

Is mó seans go gcuirtear **curaclam níos leithne** ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge ná mar a chuirtear ar fáil i scoileanna eile — Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Is féidir go mbronnfar **marcanna breise** ar iarrthóirí a fhreagraíonn scrúdú scríofa Ardteiste trí Ghaeilge

Geresni mokymosi pasiekimai

Mokiniai gauna geresnius standartizuotų anglų kalbos ir matematikos testų įvertinimus nei angliškose mokyklose besimokantys bendraamžiai

Airiškos pradinės mokyklos labiau linkę mokyti pagal platesnes ugdymo programas nei kitos mokyklos – ESRI

Mokiniai, kurie į tam tikrų brandos egzaminų dalykų klausimus atsako airių kalba, gali gauti papildomų taškų

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 9 07/06/2022 11:39

Ceisteanna coitianta

Ní labhraímid Gaeilge sa bhaile, an féidir le mo pháiste freastal ar scoil lán-Ghaeilge?

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge fáilte roimh dhaltaí ó chúlraí éagsúla teanga, daltaí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile agus iad siúd nach labhraíonn. Tá neart scoileanna lán-Ghaeilge ann ina bhfuil líon mór daltaí nach labhraíonn Gaeilge sa bhaile. Tugtar idir thacaíocht agus spreagadh do na daltaí seo chun líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge. Tugtar spreagadh do na teaghlaigh seo páirt a ghlacadh i saol na scoile chomh maith, agus tugtar tacaíocht dóibh le cinntiú go n-éiríonn lena bpáistí i scoil lán-Ghaeilge.

Ba bhreá liom bheith in ann cabhrú le mo pháiste lena obair bhaile. Cén chaoi ar féidir liom bheith páirteach?

Ní gá go mbeadh Gaeilge ag an tuismitheoir chun cabhrú le hobair bhaile an pháiste. Baineann tábhacht le spreagadh agus dearcadh dearfach i leith na teanga, mar sin féin. Bíonn tionchar ollmhór aige seo ar fhoghlaim agus ar rath na ndaltaí. Tuigeann múinteoirí nach mbíonn Gaeilge ar thoil na dtuismitheoirí uilig agus tugtar obair bhaile a théann siar ar a bhfuil déanta sa rang. Beidh do pháiste in ann an obair bhaile a mhíniú sa teanga a labhraíonn sibh sa bhaile. Bíonn clubanna obair bhaile ag roinnt scoileanna tar éis an lá scoile chomh maith. Is féidir le Gaeloideachas liosta d'acmhainní áisiúla a thabhairt duit, ar féidir leat iad a úsáid sa bhaile.

Tá ár suíomh idirlín, www.irishforparents.ie ar fáil chomh maith chun cabhrú le tuismitheoirí leibhéal Gaeilge s'acusan a ardú, más maith leo. Cuireann roinnt scoileanna ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí, más maith leo freastal orthu. Cuireann leabharlanna agus eagraíochtaí áitiúla ranganna ar fáil chomh maith.

Dažnai užduodami klausimai

Namuose nekalbame airiškai. Ar mūsų vaikas gali lankyti airišką mokyklą?

Airiškos mokyklos mielai priima bet kokios kalbinės kilmės mokinius, nepriklausomai nuo to, ar jų namuose kalbama airiškai. Daugelyje mokyklų mokosi didelis skaičius mokinių, kurių namuose nėra kalbama airiškai. Šie mokiniai yra itin palaikomi ir skatinami išmokti sklandžiai kalbėti airiškai. Šeimos taip pat aktyviai motyvuojamos įsitraukti į mokyklos gyvenimą padedant joms paskatinti savo vaiką siekti pasisekimo airiškoje mokykloje.

Labai norėčiau padėti savo vaikui atlikti namų darbus. Kaip galėčiau tai padaryti?

Norėdami padėti vaikui atlikti namų darbus tėvai neprivalo mokėti airiškai. Tačiau motyvacija ir teigiamas požiūris į kalbą bei mokyklą yra labai svarbus. Tai turi didelę įtaką mokinio pasiekimams ir mokymuisi. Mokytojai supranta, kad daugelis tėvų gali nekalbėti airių kalba, o namų darbai yra užduodami siekiant sustiprinti ir pakartoti tai, ko mokiniai išmoko mokykloje. Jūsų vaikas galės paaiškinti užduotus namų darbus ta kalba, kurią vartojate namuose. Kai kurios mokyklos taip pat siūlo ruošti pamokas popamokiniuose būreliuose. Gaeloideachas taip pat gali suteikti jums sąrašą naudingų šaltinių, kuriais galėsite naudotis namuose.

Prireikus, mūsų interneto svetainė www.irishforparents.ie gali padėti pagerinti tėvų airių kalbos žinias. Daugelis airiškų mokyklų, bibliotekų ir vietos organizacijų siūlo pasirenkamuosius airių kalbos kursus tėvams.

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 10 07/06/2022 11:39

Cén chaoi a ndéanfaidh mo pháiste dul chun cinn sa Bhéarla?

Is léir ón taighde go mbíonn na scileanna céanna teanga agus litearthachta Béarla ag daltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge is a bhíonn ag páistí i mbunscoileanna lán-Bhéarla. Ní dhéanann roinnt scoileanna lán-Ghaeilge teagasc ar an mBéarla go dtí Rang 1, ionas go mbeidh na bunscileanna Gaeilge ag na páistí i dtosach. Léiríonn taighde in Éirinn agus thar lear go n-aistrítear na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a shealbhaíonn daltaí sa Ghaeilge go dtí an Béarla, is go dtarlaíonn sé seo go nádúrtha. Déanann sé seo éascaíocht ar fhoghlaim an Bhéarla. Léiríonn taighde go bhfuil daltaí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge os cionn an mheáin i gcás léitheoireacht an Bhéarla, agus go bhfuil dearcadh níos dearfaí acu i leith na léitheoireachta.

Kaip mano vaikas tobulins savo anglų kalbos žinias?

Tyrimų metu išsiaiškinta, kad airiškų mokyklų mokiniai tobulina anglų kalbos ir raštingumo įgūdžius tokiu pat lygiu, kaip ir jų bendraamžiai, kurie mokosi angliškose mokyklose. Daugelis mokyklų gali atidėti formalųjį anglų kalbos mokymą iki pirmosios klasės, siekdamos pirmiausia įtvirtinti airių kalbos pagrindus.

Tarptautiniai ir Airijoje atlikti tyrimai parodė, kad airių kalbos skaitymo ir rašymo įgūdžius mokiniai natūraliai pritaiko anglų kalbai. Taip vaikai lengviau išmoksta anglų kalbos. Tyrimų duomenimis, airiškų pradinių mokyklų mokinių anglų kalbos skaitymo pasiekimai viršija šalies vidurkį, o vaikų požiūris į skaitymą yra pozityvesnis.

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 11 07/06/2022 11:39

An bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge oideachas ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, idir riachtanais fhisiciúla agus riachtanais oideachais; páistí a bhfuil lagú radhairc nó éisteachta acu, páistí atá ar speictream an uathachais, páistí a bhfuil disléicse orthu agus iad le riachtanais speisialta oideachais eile. Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge an tacaíocht chéanna ar fáil is atá i scoileanna lán-Bhéarla. D'aithin tuairisc a rinne An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, a foilsíodh in 2011, go gcuireann an t-oideachas dátheangach le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus idirphearsanta na ndaltaí.

Is í an cheist is tábhachtaí atá le cur agus scoil á roghnú agat do do pháiste ná 'an bhfuil na hacmhainní agus an taithí acu chun tacú le riachtanais mo pháiste – idir riachtanais foghlama agus riachtanais sonais?' Cuir ceist ar an scoil faoin tacaíocht is féidir leo a chur ar fáil bunaithe ar shainriachtanais an pháiste. Is féidir tuilleadh eolais a fháil inár rannóg a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais - www.gaeloideachas.ie/special-education/

Ar švietimas per visišką integraciją į airių kalbinę aplinką tinka vaikams, turintiems papildomų mokymosi poreikių?

Airiškos mokyklos nuolat moko vaikus, turinčius specialiųjų poreikių, kurie gali būti fiziniai ar susiję su mokymusi. Mes taip pat mokome silpnaregius ar neprigirdinčiuosius, autizmo spektro sutrikimų turinčius vaikus, sergančius disleksija ar turinčius kitų specialiųjų mokymosi poreikių. Airiškos mokyklos užtikrina šiems vaikams tokias pat pagalbos priemones, kaip ir angliškos mokyklos. 2011 m. Nacionalinės specialiųjų mokymosi poreikių tarybos ataskaitoje pripažįstama, kad dvikalbis švietimas padeda mokiniams tobulinti socialinius, emocinius ir tarpasmeninius įgūdžius.

Renkantis mokyklą savo vaikui svarbiausia išsiaiškinti, ar mokykla turi išteklių ir patirties patenkinti vaikų poreikius, kurie gali būti susiję su mokymusi ar laime. Paklauskite mokyklos atstovų apie pagalbą, kurią mokykla gali suteikti jūsų vaikui atsižvelgdama į asmeninius jo poreikius. Daugiau informacijos ieškokite Gaeloideachas interneto svetainės skiltyje, skirtoje specialiesiems mokymosi poreikiams, www.gaeloideachas.ie/special-education/

Tacaíocht do Thuismitheoirí

Tá Gaeloideachas ann chun cabhrú leatsa agus le do pháiste ar aistear an oideachais lán-Ghaeilge. Táimid anseo má bhíonn cabhair nó comhairle uait!

- Abhcóideacht
- Físeáin ar neart topaicí bit.ly/GaeloidYT
- Bileoga eolais bit.ly/BolscGaeloid
- IrishforParents.ie
- Fóram Plé do Thuismitheoirí bit.ly/FbGaeloidTuis
- Cainteanna agus Seimineáir bit.ly/Seimineáir

Pagalba tėvams

Gaeloideachas yra pasiruošusios padėti jums ir jūsų vaikui mokantis airių kalba. Jei jums reikalinga pagalba ar patarimas, mes esame pasiruošę padėti!

- Palaikymas
- Vaizdo įrašai įvairiomis temomis bit.ly/GaeloidYT
- Informaciniai lankstinukai bit.ly/GaeloidPromo
- IrishforParents.ie
- Tėvų forumas bit.ly/FbGaeloidTuis
- Pokalbiai ir seminarai https://bit.ly/Cláraigh

GO017 Gaelscoil Bilingual PRIMARY 12pp Lithuanian.ai 12 07/06/2022 11:39

Fúinn

Eagraíocht náisiúnta is ea Gaeloideachas, a thacaíonn le forbairt an oideachais lán-Ghaeilge in Éirinn.

Bunaíodh Gaeloideachas faoin ainm Gaelscoileanna in 1973 chun tacú le Gaelscoileanna, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Laistigh de chúraimí na heagraíochta anois tá soláthar seirbhísí tacaíochta do scoileanna Gaeltachta, naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus seirbhísí do thuismitheoirí.

Cuireann Gaeloideachas, comhairle, cabhair agus tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideacht dóibh siúd atá ag obair in san earnáil.

Apie mus

Gaeloideachas – tai nacionalinė organizacija, palaikanti švietimo airių kalba plėtrą.

1973 m. įkurta ir Gaelscoileanna vadinta organizacija teikia paramą airiškoms pradinėms ir vidurinėms mokykloms, veikiančioms už Gaeltacht regiono ribų. Šiuo metu organizacija taip pat teikia pagalbą airiškoms mokykloms, veikiančioms Gaeltacht regione, airiškiems darželiams, veikiantiems už Gaeltacht ribų, bei tėvams.

Gaeloideachas padeda, pataria, palaiko ir teikia rekomendacijas žmonėms, kurie nori, kad jų vaikai būtų mokomi airių kalba, bei pataria ir konsultuoja dirbančius šioje srityje.

Gorlann Ghnó na Forbacha
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire

+353-1-853 5195
eolas@gaeloideachas.ie www.gaeloideachas.ie

@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

GO017